

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

**AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE OIRIÚNÚ LE
hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE FÓMHAR 2018**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA**

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó gíotaí a foilsíodh in
www.cnag.ie; <http://www.tuairisc.ie>; <http://www.antoireachtas.ie>; <http://www.cogg.ie>;
InTouch Eanáir/Feabhra 2018; www.tailteann.ie

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2018.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógra anseo ó Chonradh na Gaeilge. Beidh Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge dhá mhíle agus a hocht déag ar siúl i dTeach Ósta Meadowlands, Trá Lí, Co. Chiarraí Dé hAoine agus Dé Sathairn seo chugainn. Beidh ceardlanna agus cainteanna ar siúl mar chuid den Ard-Fheis agus cuirfear críoch leis an ócáid le dinnéar oíche Dé Sathairn.

Beidh lóistín ar fáil i dTeach Ósta Meadowlands agus beidh praghsanna speisialta á gcur ar fáil do na daoine a bheidh ag freastal ar an Ard-Fheis. Más mian leat na praghsanna speisialta a chinntiú duit féin, moltar duit do lóistín a chur in áirithe go luath. Má tá sé i gceist agat freastal ar an dinnéar beidh ort ticéad a cheannach dó.

Tá tuilleadh eolais ar fáil faoin Ard-Fheis agus faoin lóistín ag www.cnag.ie agus is féidir ticéad don dinnéar a cheannach trí ghlaó a chur ar Ard-Oifig Chonradh na Gaeilge ag 01-47574041 nó trí ríomhphost a chur chuig eolas@cnag.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógra anseo ó C.O.G.G., is é sin an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Tá trí chluiche boird nua ar fáil as Gaeilge. Beidh múinteoirí in ann iad a úsáid leis na páistí ina gcuid ranganna chun Gaeilge a mhúineadh ar bhealach taitneamhach.

Focal Fada an t-ainm atá ar an gcéad chluiche. Cluiche simplí is ea é ina mbíonn ar pháistí cártaí a úsáid chun focal fada a chruthú. Is é *Líon an Bhearna* an t-ainm atá ar an dara cluiche. Sa chluiche sin, bíonn ar na himreoirí bearnaí i bhfocail a líonadh leis na litreacha cearta. Is é *Fios Feasa* an tríú cluiche agus is quizcluiche é sin faoi threolaíocht, spórt agus cheol na hÉireann.

Is féidir tuilleadh eolais faoi na cluichí boird nua a fháil ar www.cluiche.ie nó trí ghlaó a chur ar C.O.G.G. ag 01-6340831.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Fógra anseo ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Beidh an Fhéile Idirnáisiúnta Phan-Cheilteach ar siúl i mbliana i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall.

Tá sé d'aidhm ag an bhféile ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht shaibhir na dtíortha Ceilteacha agus tacaíocht a thabhairt do theangacha agus do chultúir na dtíortha sin. Ar chlár na féile i mbliana, beidh léachtaí, ceardlanna agus coirmeacha ceoil agus i measc na gcomórtas a eagrófar beidh comórtas fidle, comórtas d'amhrán nuachumtha agus comórtas damhsa. Gné shainiúil den Fhéile is ea an Oíche Náisiúnta nuair a chuirfidh gach tír Cheilteach taispeántas dá cultúr féin i láthair.

Tá eolas faoin bhféile ar fáil ó Mháire Ní Fhearraigh, Cathaoirleach na Féile, trí ríomhphost a sheoladh chuig pancheilteachdhúnnangall@gmail.com agus is féidir foirmeacha iontrála do na comórtais a fháil ar líne ag www.pancheilteach.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Ciarán: Haló! Oifig an Phríomhoide, Scoil Mhuire anseo. An féidir liom cabhrú leat?
(Tomás)
- Nóra: Dia duit. Ba mhaith liom labhairt leis an bPríomhoide le do thoil.
(Áine)
- Ciarán: Tá tú ag labhairt leis an bPríomhoide - Ciarán Ó Cathasaigh anseo.
- Nóra: Dia is Muire duit, a Chiaráin. Is mise Nóra Ní Shúilleabháin, Bainisteoir “Eolaíocht do Chách.”
- Ciarán: “Eolaíocht do Chách” – An é sin an comhlacht oideachais nua ar Shráid an Phiarsaigh?
- Nóra: Is é. Theastaigh uaim mé féin a chur in aithne duit agus, dá mbeadh spéis agat iontu, d’fhéadfainn tríocha pacáiste eolaíochta a bhronnadh ar do scoil saor in aisce.
- Ciarán: An bhfuil tú i ndáiríre?
- Nóra: Táim lándáiríre.
- Ciarán: Tá sé sin ar fheabhas. Is breá leis na páistí an eolaíocht.
- Nóra: D’fhéadfainn na pacáistí a thabhairt chuig an scoil am éigin an tseachtain seo chugainn.
- Ciarán: Bheadh sé sin go hiontach. Beidh Tionól agam leis na ranganna sinsearacha maidin Dé hAoine ar a naoi a chlog. Bheadh fáilte romhat freastal air sin agus bronnadh oifigiúil a dhéanamh.
- Nóra: Ceart go leor! Freastalóidh mé ar an Tionól.
- Ciarán: Tabharfaidh mé cuireadh, freisin, do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta agus d’ionadaithe ó Chumann na dTuismitheoirí a bheith i láthair.
- Nóra: Ar fheabhas! Tabharfaidh sé sin deis domsa eolas a thabhairt do mhuintir na háite faoi mo chomhlacht. Beidh mé ag súil go mór le bualadh libh maidin Dé hAoine. Slán leat.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Mícheál: Dia duit, a Chaitríona. Ní fhaca mé thú le fada. Cén chaoi a bhfuil tú?
(Seosamh)
- Caitríona: Dia is Muire duit, a Mhichíl. Táim tar éis a bheith an-ghnóthach le mí anuas. Cheannaigh mé teach nua i Ráth Chairn ag tús an tsamhraidh agus fuair mé na heochracha ar an deichiú lá de Mhí Lúnasa.
- Mícheál: Comhghairdeas leat, a Chaitríona! Ar dhíol tú d'árasán i mBaile Átha Cliath?
- Caitríona: Dhíol. Fuair mé praghas maith dó. Theastaigh uaim teach a cheannach sa chathair ach, 'bhfuil a fhios agat a Mhichíl, ní raibh mé in ann é sin a dhéanamh. Bhí na tithe sa chathair róchostasach dom.
- Mícheál: Agus an bhfuil na tithe níos saoire i gContae na Mí?
- Caitríona: Tá i ndáiríre. Bhí mé in ann teach scoite ar leathacra a cheannach leis an airgead a fuair mé don árasán.
- Mícheál: Agus cé mhéad seomra codlata atá sa teach?
- Caitríona: Tá trí sheomra chodlata agam agus dhá sheomra folctha.
- Mícheál: Tá sé sin go hiontach. Bhí d'árasán an-bheag.
- Caitríona: Is fíor duit ach, an bhfuil a fhios agat, is é an gairdín an ní is fearr liom féin faoin teach. Tá gairdín gleoite os comhair an tí agus ceann eile ar chúl an tí. Beidh mé in ann bláthanna agus glasraí a chur ag fás ann an t-earrach seo chugainn.
- Mícheál: Ach, a Chaitríona, an mbeidh aistear fada le déanamh agat gach maidin anois?
- Caitríona: Tógann sé thart ar chaoga nóiméad orm dul ó Ráth Chairn go dtí mo scoil i gCill Dhéagláin.
- Mícheál: Níl sé sin go dona. Is dócha gur thóg sé nach mór caoga nóiméad ort dul ó lár na cathrach go Cill Dhéagláin gach maidin?
- Caitríona: Thóg, agus creid mise, ní mhothóidh mé uaim an trácht!
- [Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

Dónal: Fáilte romhat ar ais, a Mhoya! Cad é mar a bhí an samhradh?

(Muiris)

Moya: Bhí samhradh ar dóigh agam, a Dhónail! Cad é mar a bhí do shamhradh féin?

Dónal: Bhí sé galánta go raibh maith agat. Thóg mé coicís saor ag tús Mhí Lúnasa agus chaith mé í ag spaisteoireacht i nGleann Cholm Cille. Ach, a Mhoya, inis dom ar fheastail tú ar an gcúrsa samhraidh do Chór Náisiúnta na bPáistí?

Moya: D'fheastail. Thosaigh an cúrsa ar an dara lá de Mhí Iúil agus chríochnaigh sé ar an séú lá d'Iúil. Bhí sé go hiontach.

Dónal: Cé a bhí á stiúradh?

Moya: Ba iad Órla Gillen, Anne Purcell agus Mairéad Déiseach na stiúrthóirí ceoil. Bhí siad ar fheabhas.

Dónal: Agus cé mhéad múinteoir a rinne an cúrsa?

Moya: Thart ar ochtó bunmhúinteoir ó achan chearn den tír. Bhí atmaisféar den scoth ann ó thús go deireadh na seachtaine.

Dónal: Agus ar fhoghlaim tú aon amhrán nua?

Moya: D'fhoghlaim mé cúig amhrán déag san iomlán. Ní raibh siad ró-dhoiligh agus thug na stiúrthóirí go leor áiseanna múinteoireachta dúinn, fosta.

Dónal: An chéad chéim eile anois ná na hamhráin a mhúineadh do na gasúir i do rang.

Moya: Ón bhomaite a thagann na gasúir ar ais an tseachtain seo chugainn beimid ag cleachtadh.

Dónal: Bhuel! Beidh mé ag dréim leis an amhránaíocht a chloisteáil mórthimpeall na scoile. Ádh mór ar an gcleachtadh go léir!

Moya: Go raibh míle maith agat, a Dhónail!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Tá sé fógartha ag an Aire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, T.D., go mbeidh Baitsiléireacht san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge á cur ar fáil in Institiúid Oideachais Marino ó Mheán Fómhair dhá mhíle agus a naoi déag.

Beidh ar na mic léinn ar an gclár nua leibhéal ard inniúlachta a bhaint amach sa Ghaeilge ionas go mbeidh siad in ann freastal ar pháistí uile na scoileanna Gaeltachta, cainteoirí dúchais ina measc. Ina theannta sin beidh orthu caighdeán ard teagaisc a bhaint amach i múineadh na Gaeilge agus i múineadh ábhair uile an churaclaim trí mheán na Gaeilge.

Agus í ag cur fáilte roimh an gcéim nua, dúirt an tOllamh Anne O’Gara, Uachtarán na hInstitiúide: “Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur roimh an gclár nua. Rachaidh an clár nua seo go mór chun sochair don oideachas Gaeltachta. Táimid ag súil go mór lena bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais agus Scileanna, le C.O.G.G. agus le Gaeloideachas.”

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Beidh an seó faisin is mó in Éirinn ar siúl sa RDS i mBaile Átha Cliath Déardaoin seo chugainn agus beidh bean óg as Gaeltacht Chonamara – Caterina Coyne – ar dhuine de na dearthóirí a bheidh ag taispeáint a cuid oibre ann.

Rugadh Caterina Coyne i Londain ach d’fhill a tuismitheoirí ar Indreabhán nuair a bhí Caterina ag freastal ar an mbunscoil. Fuair sí a cuid meánoideachais go léir i gColáiste Chroí Mhuire sa Spidéal agus ina dhiaidh sin chaith sí deich mbliana ag taisteal an domhain mar phríomhdhamhsóir le *Riverdance*. Ach bhí spéis ag Caterina riamh i gcúrsaí faisin agus shocraigh sí staidéar a dhéanamh ar dhearadh faisin sa Grafton Academy.

Dúirt Sara Ní Chuirreáin, tuairisceoir le tuairisc.ie, gur deis iontach é an seó faisin mór sa RDS don dearthóir óg agus mhol sí an úsáid a bhaineann Caterina as lása Éireannach ina cuid oibre.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Beidh na comórtais cheannais d'Aonach Tailteann ar siúl i gceantar Ghaoth Dobhair i Mí Lúnasa dhá mhíle agus a hocht déag.

Bunaíodh Aonach Tailteann anuraidh chun pobail Ghaeltachta ar fud na hÉireann a tharraingt le chéile agus chun cabhrú leis na pobail sin a mbuanna spóirt agus ealaíne a cheiliúradh. I rith an aonaigh, beidh comórtais spóirt ar siúl ar Pháirc Chumann Lúthchleas Gael i Machaire Gathlán, beidh taispeántas de cheardaíocht thraidisiúnta agus d'ealaín na Gaeltachta le feiceáil sa Chrannóg i Srath na Corcrach, agus beidh comórtas ceoil agus amhránaíochta san Amharclann i nGaoth Dobhair.

Agus í ag labhairt ag oíche eolais faoi na comórtais, mhínigh an rothaí, Clodagh Ní Ghallchóir, go bhfaigheann na comórtais a n-ainm ó sheanfhéile spóirt a bhíodh ar siúl in Éirinn fadó agus go spreagann siad muintir na Gaeltachta a bheith bródúil as a n-áit dhúchais.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.

**AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE OIRIÚNÚ LE
hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE FÓMHAR 2018**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA**

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó gíotaí a foilsíodh in
www.cnag.ie; <http://www.tuairisc.ie>; <http://www.antoireachtas.ie>; <http://www.cogg.ie>;
InTouch Eanáir/Feabhra 2018; www.tailteann.ie

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2018.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógra anseo ó Chonradh na Gaeilge. Beidh Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge dhá mhíle agus a hocht déag ar siúl i dTeach Ósta Meadowlands, Trá Lí, Co. Chiarraí Dé hAoine agus Dé Sathairn seo chugainn. Beidh ceardlanna agus cainteanna ar siúl mar chuid den Ard-Fheis agus cuirfear críoch leis an ócáid le dinnéar oíche Dé Sathairn.

Beidh lóistín ar fáil i dTeach Ósta Meadowlands agus beidh praghsanna speisialta á gcur ar fáil do na daoine a bheidh ag freastal ar an Ard-Fheis. Más mian leat na praghsanna speisialta a chinntiú duit féin, moltar duit do lóistín a chur in áirithe go luath. Má tá sé i gceist agat freastal ar an dinnéar beidh ort ticéad a cheannach dó.

Tá tuilleadh eolais ar fáil faoin Ard-Fheis agus faoin lóistín ag www.cnag.ie agus is féidir ticéad don dinnéar a cheannach trí ghlaó a chur ar Ard-Oifig Chonradh na Gaeilge ag 01-47574041 nó trí ríomhphost a chur chuig eolas@cnag.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógra anseo ó C.O.G.G., is é sin an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Tá trí chluiche boird nua ar fáil as Gaeilge. Beidh múinteoirí in ann iad a úsáid leis na páistí ina gcuid ranganna chun Gaeilge a mhúineadh ar bhealach taitneamhach.

Focal Fada an t-ainm atá ar an gcéad chluiche. Cluiche simplí is ea é ina mbíonn ar pháistí cártaí a úsáid chun focal fada a chruthú. Is é *Líon an Bhearna* an t-ainm atá ar an dara cluiche. Sa chluiche sin, bíonn ar na himreoirí bearnaí i bhfocail a líonadh leis na litreacha cearta. Is é *Fios Feasa* an tríú cluiche agus is quizcluiche é sin faoi threolaíocht, spórt agus cheol na hÉireann.

Is féidir tuilleadh eolais faoi na cluichí boird nua a fháil ar www.cluiche.ie nó trí ghlaó a chur ar C.O.G.G. ag 01-6340831.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Fógra anseo ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Beidh an Fhéile Idirnáisiúnta Phan-Cheilteach ar siúl i mbliana i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall.

Tá sé d'aidhm ag an bhféile ceiliúradh a dhéanamh ar oidhreacht shaibhir na dtíortha Ceilteacha agus tacaíocht a thabhairt do theangacha agus do chultúir na dtíortha sin. Ar chlár na féile i mbliana, beidh léachtaí, ceardlanna agus coirmeacha ceoil agus i measc na gcomórtas a eagrófar beidh comórtas fiddle, comórtas d'amhrán nuachumtha agus comórtas damhsa. Gné shainiúil den Fhéile is ea an Oíche Náisiúnta nuair a chuirfidh gach tír Cheilteach taispeántas dá cultúr féin i láthair.

Tá eolas faoin bhféile ar fáil ó Mháire Ní Fhearraigh, Cathaoirleach na Féile, trí ríomhphost a sheoladh chuig pancheilteachdhúnnangall@gmail.com agus is féidir foirmeacha iontrála do na comórtais a fháil ar líne ag www.pancheilteach.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Ciarán: Haló! Oifig an Phríomhoide, Scoil Mhuire anseo. An féidir liom cabhrú leat?
(Tomás)
- Nóra: Dia duit. Ba mhaith liom labhairt leis an bPríomhoide le do thoil.
(Áine)
- Ciarán: Tá tú ag labhairt leis an bPríomhoide - Ciarán Ó Cathasaigh anseo.
- Nóra: Dia is Muire duit, a Chiaráin. Is mise Nóra Ní Shúilleabháin, Bainisteoir “Eolaíocht do Chách.”
- Ciarán: “Eolaíocht do Chách” – An é sin an comhlacht oideachais nua ar Shráid an Phiarsaigh?
- Nóra: Is é. Theastaigh uaim mé féin a chur in aithne duit agus, dá mbeadh spéis agat iontu, d’fhéadfainn tríocha pacáiste eolaíochta a bhronnadh ar do scoil saor in aisce.
- Ciarán: An bhfuil tú i ndáiríre?
- Nóra: Táim lándáiríre.
- Ciarán: Tá sé sin ar fheabhas. Is breá leis na páistí an eolaíocht.
- Nóra: D’fhéadfainn na pacáistí a thabhairt chuig an scoil am éigin an tseachtain seo chugainn.
- Ciarán: Bheadh sé sin go hiontach. Beidh Tionól agam leis na ranganna sinsearacha maidin Dé hAoine ar a naoi a chlog. Bheadh fáilte romhat freastal air sin agus bronnadh oifigiúil a dhéanamh.
- Nóra: Ceart go leor! Freastalóidh mé ar an Tionól.
- Ciarán: Tabharfaidh mé cuireadh, freisin, do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta agus d’ionadaithe ó Chumann na dTuismitheoirí a bheith i láthair.
- Nóra: Ar fheabhas! Tabharfaidh sé sin deis domsa eolas a thabhairt do mhuintir na háite faoi mo chomhlacht. Beidh mé ag súil go mór le bualadh libh maidin Dé hAoine. Slán leat.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Mícheál: Dia duit, a Chaitríona. Ní fhaca mé thú le fada. Cén chaoi a bhfuil tú?
(Seosamh)
- Caitríona: Dia is Muire duit, a Mhichíl. Táim tar éis a bheith an-ghnóthach le mí anuas. Cheannaigh mé teach nua i Ráth Chairn ag tús an tsamhraidh agus fuair mé na heochracha ar an deichiú lá de Mhí Lúnasa.
- Mícheál: Comhghairdeas leat, a Chaitríona! Ar dhíol tú d'árasán i mBaile Átha Cliath?
- Caitríona: Dhíol. Fuair mé praghas maith dó. Theastaigh uaim teach a cheannach sa chathair ach, 'bhfuil a fhios agat a Mhichíl, ní raibh mé in ann é sin a dhéanamh. Bhí na tithe sa chathair róchostasach dom.
- Mícheál: Agus an bhfuil na tithe níos saoire i gContae na Mí?
- Caitríona: Tá i ndáiríre. Bhí mé in ann teach scoite ar leathacra a cheannach leis an airgead a fuair mé don árasán.
- Mícheál: Agus cé mhéad seomra codlata atá sa teach?
- Caitríona: Tá trí sheomra chodlata agam agus dhá sheomra folctha.
- Mícheál: Tá sé sin go hiontach. Bhí d'árasán an-bheag.
- Caitríona: Is fíor duit ach, an bhfuil a fhios agat, is é an gairdín an ní is fearr liom féin faoin teach. Tá gairdín gleoite os comhair an tí agus ceann eile ar chúl an tí. Beidh mé in ann bláthanna agus glasraí a chur ag fás ann an t-earrach seo chugainn.
- Mícheál: Ach, a Chaitríona, an mbeidh aistear fada le déanamh agat gach maidin anois?
- Caitríona: Tógann sé thart ar chaoga nóiméad orm dul ó Ráth Chairn go dtí mo scoil i gCill Dhéagláin.
- Mícheál: Níl sé sin go dona. Is dócha gur thóg sé nach mór caoga nóiméad ort dul ó lár na cathrach go Cill Dhéagláin gach maidin?
- Caitríona: Thóg, agus creid mise, ní mhothóidh mé uaim an trácht!
- [Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

Dónal: Fáilte romhat ar ais, a Mhoya! Cad é mar a bhí an samhradh?

(Muiris)

Moya: Bhí samhradh ar dóigh agam, a Dhónail! Cad é mar a bhí do shamhradh féin?

Dónal: Bhí sé galánta go raibh maith agat. Thóg mé coicís saor ag tús Mhí Lúnasa agus chaith mé í ag spaisteoireacht i nGleann Cholm Cille. Ach, a Mhoya, inis dom ar fheastail tú ar an gcúrsa samhraidh do Chór Náisiúnta na bPáistí?

Moya: D'fheastail. Thosaigh an cúrsa ar an dara lá de Mhí Iúil agus chríochnaigh sé ar an séú lá d'Iúil. Bhí sé go hiontach.

Dónal: Cé a bhí á stiúradh?

Moya: Ba iad Órla Gillen, Anne Purcell agus Mairéad Déiseach na stiúrthóirí ceoil. Bhí siad ar fheabhas.

Dónal: Agus cé mhéad múinteoir a rinne an cúrsa?

Moya: Thart ar ochtó bunmhúinteoir ó achan chearn den tír. Bhí atmaisféar den scoth ann ó thús go deireadh na seachtaine.

Dónal: Agus ar fhoghlaim tú aon amhrán nua?

Moya: D'fhoghlaim mé cúig amhrán déag san iomlán. Ní raibh siad ró-dhoiligh agus thug na stiúrthóirí go leor áiseanna múinteoireachta dúinn, fosta.

Dónal: An chéad chéim eile anois ná na hamhráin a mhúineadh do na gasúir i do rang.

Moya: Ón bhomaite a thagann na gasúir ar ais an tseachtain seo chugainn beimid ag cleachtadh.

Dónal: Bhuel! Beidh mé ag dréim leis an amhránaíocht a chloisteáil mórthimpeall na scoile. Ádh mór ar an gcleachtadh go léir!

Moya: Go raibh míle maith agat, a Dhónail!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Tá sé fógartha ag an Aire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, T.D., go mbeidh Baitsiléireacht san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge á cur ar fáil in Institiúid Oideachais Marino ó Mheán Fómhair dhá mhíle agus a naoi déag.

Beidh ar na mic léinn ar an gclár nua leibhéal ard inniúlachta a bhaint amach sa Ghaeilge ionas go mbeidh siad in ann freastal ar pháistí uile na scoileanna Gaeltachta, cainteoirí dúchais ina measc. Ina theannta sin beidh orthu caighdeán ard teagaisc a bhaint amach i múineadh na Gaeilge agus i múineadh ábhair uile an churaclaim trí mheán na Gaeilge.

Agus í ag cur fáilte roimh an gcéim nua, dúirt an tOllamh Anne O’Gara, Uachtarán na hInstitiúide: “Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur roimh an gclár nua. Rachaidh an clár nua seo go mór chun sochair don oideachas Gaeltachta. Táimid ag súil go mór lena bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais agus Scileanna, le C.O.G.G. agus le Gaeloideachas.”

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Beidh an seó faisin is mó in Éirinn ar siúl sa RDS i mBaile Átha Cliath Déardaoin seo chugainn agus beidh bean óg as Gaeltacht Chonamara – Caterina Coyne – ar dhuine de na dearthóirí a bheidh ag taispeáint a cuid oibre ann.

Rugadh Caterina Coyne i Londain ach d’fhill a tuismitheoirí ar Indreabhán nuair a bhí Caterina ag freastal ar an mbunscoil. Fuair sí a cuid meánoideachais go léir i gColáiste Chroí Mhuire sa Spidéal agus ina dhiaidh sin chaith sí deich mbliana ag taisteal an domhain mar phríomhdhamhsóir le *Riverdance*. Ach bhí spéis ag Caterina riamh i gcúrsaí faisin agus shocraigh sí staidéar a dhéanamh ar dhearadh faisin sa Grafton Academy.

Dúirt Sara Ní Chuirreáin, tuairisceoir le tuairisc.ie, gur deis iontach é an seó faisin mór sa RDS don dearthóir óg agus mhol sí an úsáid a bhaineann Caterina as lása Éireannach ina cuid oibre.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Beidh na comórtais cheannais d'Aonach Tailteann ar siúl i gceantar Ghaoth Dobhair i Mí Lúnasa dhá mhíle agus a hocht déag.

Bunaíodh Aonach Tailteann anuraidh chun pobail Ghaeltachta ar fud na hÉireann a tharraingt le chéile agus chun cabhrú leis na pobail sin a mbuanna spóirt agus ealaíne a cheiliúradh. I rith an aonaigh, beidh comórtais spóirt ar siúl ar Pháirc Chumann Lúthchleas Gael i Machaire Gathlán, beidh taispeántas de cheardaíocht thraidisiúnta agus d'ealaín na Gaeltachta le feiceáil sa Chrannóg i Srath na Corcrach, agus beidh comórtas ceoil agus amhránaíochta san Amharclann i nGaoth Dobhair.

Agus í ag labhairt ag oíche eolais faoi na comórtais, mhínigh an rothaí, Clodagh Ní Ghallchóir, go bhfaigheann na comórtais a n-ainm ó sheanfhéile spóirt a bhíodh ar siúl in Éirinn fadó agus go spreagann siad muintir na Gaeltachta a bheith bródúil as a n-áit dhúchais.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.